AMÁRAĊ 3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 11. uiṁ. 37. Dé hAoine, 22ú D. Fómair, 1965

Eagarfocal. 22-10-1965.

Éagóir Leictreaċais

DEIĊ MBLIANA Ó ṠIN, NUAIR A D'IARR MUINTIR na Gaeltaċta agus an páipéar seo, an Bord Fáilte, liosta ar leiṫ a ċur le ċéile, de ṫiṫe lóistín feirme agus tuaiṫe, a ḃeaḋ sásta lóistéirí a ċoinneáil, níor deineaḋ gníoṁ, nó níor tugaḋ áird ar biṫ air. Fá ċoinne na Gaeltaċta a ḃí an liosta a ḃí i gceist againne, agus ní ḋearna Bord Fáilte a ḋaṫ faoi. Aċ, roiṁ mórán blianta, fuarṫas amaċ gur smaoineaṁ fíor ṁaiṫ a ḃí ann, agus ansin, rinne Bord Fáilte gníoṁ fá ċoinne na tíre ar fad, ag ullṁú an liosta seo de ṫiṫe tuaiṫe agus feirme a ḃí sásta cuairteoirí agus lóistéirí a ċoinneáil. Agus anois, tá sé seo ar ċeann de na cúiseanna is mó atá ag méadú na teaċt-isteaċ turasóireaċt go dtí an tír seo. Cé nár tugaḋ creidiúint ar biṫ dúinn as an smaoineaṁ, is maiṫ linn gur éiriġ leis an smaoineaṁ seo, agus go ḃfuil sé ag dul ċun soċar don ċuartaíoċt agus don tír.

AĊ, ANOIS ARÍS, éilimíd CEART do ṫiṫe insan Ġaeltaċt, atá ag láiṁseáil an cineál is luaċṁaire turasóireaċta sa tír seo — turasóireaċt luċt na Gaeilge. Tá socraiṫe réasúnta maiṫe déanta ag Roinn na Gaeltaċta le deontaisí a ċur ar fáil fá ċoinne seomraí breise a ṫógáil i dtiṫe tuaiṫe ar fud na Gaeltaċta, d'fonn agus slí a ċur ar fáil ċun cuairteoirí a ċoinneáil. Ḃain cuid ṁaiṫ daoine úsáid as na deontaisí seo le seomra nó ḋó, nó i gcásanna trí seomraí a ċur lena gcuid tiṫe cónaí, agus tá siad ag baint úsáid as na seomraí seo, ċun scoláirí a ċoinneáil do na Coláistí Gaeilge, agus ċun Gaeilgeoirí prióḃáideaċa a ċoinneáil ċoṁ maiṫ. Nuair a bíonn seomraí breise ar fáil mar seo, tarraingíonn sé cuairteoirí 'un na Gaeltaċta, agus coiméadann sé daoine a ḃeaḋ ag dul go dtí an Eilḃéis nó an Spáinn, nó an Frainnc, ar a laeṫa saoire, sa ḃaile, agus tá sé seo ċoṁ táḃaċtaċ do geilleagar na tíre le Spáinniġ nó Eilḃéisiġ nó Franncaiġ a ṫaḃairt 'una na tíre seo, lena gcuid airgid a ċaiṫeaṁ ann. Mar sin de, is táirgeaḋ náisiúnta i ndáiríriḃ é, agus is cóir caḃrú leis. Is cóir caḃrú leis níos mó os rud é go ḃfuil sé ag cur an aiḋm náisiúnta aṫḃeoċaint na Gaeilge ċun cinn ċoṁ maiṫ. Mar adúramar, ṫug Roinn na Gaeltaċta, roinnt caḃraċ ina gcuid deontaisí ċa ceapaimíd go ḃfuil na deontaisí sin i ḃfad ró-íseal i gcomórtas leis na deontaisí a ṫugann Bord Fáilte, cuir i gcás, fríd an Ġalltaċt.

AĊ, NÍ MAR SIN ATÁIMÍD AG TARRAINGT an t-am seo, aċ ar rud atá ag cur bac le méadú mór seomraí cuartaíoċta ar fud Gaeltaċta, mar atá éagóir atá ḋá ḋéanaṁ ag Bord Soláṫar an Leictreaċais ar na daoine seo, ar an ċuartaíoċt agus ar an Ġaeltaċt. Tá téarmaí speisialta á ṫaḃairt ag an Bord do ṫiṫe ósta agus ṫiṫe aíoċta agus ṫiṫe cónaí a ċoinníonn lóistéirí ar fud na tíre, agus naċ mbíonn aċ foscailte ar feaḋ cuid den ḃliain. Níl aon téarmaí speisialta ḋá ṫaḃairt acu don Ġaeltaċt. Tá cás ar leiṫ san Ġaeltaċt. Tiṫe beaga a ḃí ag teastáil ó ṗobal na Gaeltaċta; tiṫe beaga a ḃeaḋ acu de ġnáċ. Tá an teaċt-isteaċ acu níos lú ná teaċt isteaċ an gnáċ oibrí ar fud na tíre. Mar sin de, ní ḃeaḋ níos mó ná ceiṫre seomraí nó cúig seomraí ar a ṁéid ina gcuid tiṫe, agus ḃeaḋ siad san grád is lú fá ċoinne cíos seasta an Ḃoird, aċ, nuair a ċuireann siad ḋá ṡeomra, nó trí ṡeomraí móra fá ċoinne cuairteoirí, leis, cuireann sé in grád i ḃfad níos áirde agus fágann sé cíos i ḃfad níos troime le h-íoc acu leis an Ḃord. Ba ċeart don Ḃord a ḃeiṫ sásta an cíos a ṡocrú ar an gnáċ méid a ḃí ins na tiṫe, gan na seomraí breise seo.

TÁ AN BORD AG SEASAṀ AR POINTE TEICNIÚIL, go gcaiṫfeaḋ na seomraí breise seo a ḃeiṫ scarṫa ón gcuid eile den teaċ agus ansin an leictreaċas a ḃaint díoḃṫa, ar feaḋ deiċ mí den ḃliain, nuair naċ mbíonn siad in úsáid. Aċ, tá sé mí-ċiallṁar ar fad iarraiḋ ar an ṗobal é seo a ḋéanaṁ. B'ḟéidir go dtiocfaḋ iníon nó mac pósta na ḃaile as Albain ar feaḋ seaċtaine, agus go mbeaḋ an tseomra seo úsáideaċ dóiḃ, nó go dtiocfaḋ gaol as Meiriceá, b'ḟéidir go dtiocfaḋ cuid den ċlann atá scaipṫe in áiteaċa eile na ḃaile ar seaċtain nó coicís saoire, agus nár ḃoċt, agus nár ḋona an rud gan doras a ḃeiṫ ag an tseomra seo leis an ċuid eile den teaċ, nó gan leictreaċas ar biṫ a ḃeiṫ ann.

NÍ BAINTEAR ÚSÁID AS AR FEAḊ TRÍ-CEAṪRÚ den ḃliain. Aċ d'ḟéadfaí úsáid a ḃaint as ar feaḋ seaċtain nó coicíse agus tá sé mí-réasúnta ag an Ḃord a rá go gcaiṫfear na seomraí seo a ḃeiṫ áiriṫe fá ċoinne cíosa ar feaḋ na bliana go léir. Is rud é seo gur ċeart do Roinn na Gaeltaċta a ṫógáil le Bord Soláṫar an Leictreaċas, agus féaċaint le ceart agus coṫrom a ḟáil do ṗobal na Gaeltaċta atá ag freastal ar ċuairteoirí.

Díospóireaċt beirt ar Bille Gaeltaċta

Cad ċuige gur cuireaḋ an bille i mBéarla ?

Roiṁ scur don Dáil cuireaḋ an bille nua um Tionscail na Gaeltaċta (atá ina Aċt anois) fríd an Dáil.

Ní raiḃ aċ beirt a ġlac páirt sa díospóireaċt an Ċoiste Airgeadais — an Rúnaí Pairliminte, Pádraig Ó Faċtna, T.D., agus Pádraig Ó Doṁnaill, T.D. (Fine Gael, Dún na nGall Ṫiar Ṫeas).

Tugaimíd anseo an díospóireaċt ar an Ḃille. Níor tugaḋ aon ṁíniú go fios dúinn ar cé'n faṫ gur cuireaḋ an bille fríd an Dáil i mBéarla coṁ maiṫ le nGaeilge.

An Coiste Airgeadais
An Bille um Ṫioncsail na Gaeltaċta (Leasú), 1965 — Rún Airgid.

Aire na Gaeltaċta — Tairgim "Go ḃfuil sé oiriúnaċ cibé muirir ar an bPríoṁ-Ċiste nó a ṫoraḋ fáis agus cibí íocaíoċtaí as an gcéanna a údarú is gá ċun éifeaċt a ṫaḃairt d'aon Aċt a riṫfear na seisiún seo do leasú agus do leaṫnú an Aċta 'um Ṫionscail na Gaeltaċta, 1957.

Cuireaḋ agus d'aontaíoḋ an ċeist.

Tuairiscíoḋ agus d'aontaíoḋ an Rún.

An Bille um Ṫionscail na Gaeltaċta (Leasú), 1965: Céim an Ċoiste agus na Céimeanna Deiriḋ.

Cuireaḋ agus d'aontaíoḋ Alt 1 agus Alt 2.

Alt a 3.

Molaḋ an Ċeist: "Go ḃfanfaḋ Alt 3 ina ċuid den Ḃille."

Pa Ó Doṁnaill — Cad é an ciall atá leis an Alt seo?

Pádraig Ó Faċtna, Rúnaí Pairliminte na Gaeltaċta — Roiṁe seo, b'éigin do Ġaeltarra Éireann an obair a ḋéanaṁ ina aonair. Ní raiḃ cuṁaċt acu gaḃáil i gcoṁair le cuideaċta eile. Anois beiḋ siad ábalta, nuair atá an Ḃille seo rite, ġaḃáil i gcoṁair le comlaċtaí eile. Féadfaiḋ siad scaireanna a ġlacaḋ in aon ċomlaċt sa Ġaeltaċt agus deontas a ċur ar fáil don ċomlaċt sin. Mar ċaḃair do tionscadail ḃeaga, beiḋ údarás ag Gaeltarra Éireann deontais suas go dtí £2,000 a ċur ar fáil dóiḃ siúd a ḃeiḋ ina mbun gan dul i gcoṁar leo.

As seo amaċ. má tá comlaċt oiriúnaċ sásta dul isteaċ sa Ġaeltaċt, beiḋ Gaeltarra Éireann in ann scaireanna a ġlacaḋ sa ċomlaċt sin. Ní raiḃ siad in ann é sin a ḋéanaṁ go dtí seo. Is mór an cuidiú é sin don Ġaeltaċt agus do ṁuintir na Gaeltaċta. Go dtí seo is minic naċ raiḃ an t-eolas teicniúil ag Gaeltarra Éireann féin ċun oibreaċa de ṡaġasanna áiriṫe a ċur ar siúl sa Ġaeltaċt ná teaċt acu ar ṁargaí ṫar lear ċun na hearraí a ḃeaḋ i gceist a ḋíol. Más cosúil aon uair feasta ón ḃfiosrúċán a ḃeiḋ á ḋéanaṁ ag tionsclaí gur déantús a ḃeaḋ fóirsteaċ don Ġaeltaċt atá i gceist aige, beiḋ an IDA in ann an scéal a ċur in iúl do Ġaeltarra Éireann. Ansin beiḋ deis

(Ar lean. ar leaṫ. 6)

Estaít Somplaċ Sionainn

Cuideaċta reaċtúil le ga lena stuirú

An tseaċtain seo caite, ḃreaṫnaíomar ar dóiġeanna le eastáit tionsclaċ a stiúraḋ, agus rinneamar tagairt do eastáit tionclasċ sa ċuid eile den tír a ḃeiṫ faoi stiúraḋ na n-udarás áitiúil, nó fóras tionscail, agus léiríomar naċ ḃfeilfeaḋ ceaċtar dóiḃ sin don Ġaeltaċt.

Taréis breaṫnú ar Roinn na Gaeltaċta, agus Gaeltarra Éireann, mar gléas stiúrṫa do eastáit tionsclaċ, ċonaiceamar naċ raiḃ siad feiliúnaċ agus gurb é cuideaċtain reaċtúil a mbeaḋ tromlaċ na sciaraċa agus an airgeadais, ag an Stát ann, an gléas ab' ḟearr.

Is fíor seo ar ndóiġe. Más maiṫ leat rud a ċur ar an ṁéar ḟada, bunaiġ Coimisiún. Más maiṫ leat díospóireaċt gan toraḋ, bunaiġ Coiste Idir-Rannaċ. Más maiṫ leat eagras naċ ndéanfaiḋ meancóg toisc naċ ndéanann sé a ḋaṫ, fág ar láiṁ ag an Stát-Ṡeirḃís é. Aċ, más maiṫ leat gníoṁ le h-éifeaċt le cuspóir cinnte, cuir cuideaċtain reaċtúil, leis na daoine cearta mar stiúrṫóirí, ina bun, agus beiḋ toraḋ agat.

Léiríoḋ é seo go h-áiṫrid, ó ṫaoḃ na n-eastáit tionsclaċ nuair a bunaíoḋ cuideaċtain forbarṫa Saor-Aerṗort na Sionainne, agus má tá fúinn eastáit tionsclaċ le h-éifeaċt, a ḃeiṫ sa Ġaeltaċt, níor ṁiste Cuideaċtan den saġas céanna a bunú.

In 1947 bunaíoḋ an tSionainn mar Aerṗort saor ó dleaċtanna custaim, de réir Aċta Dáil Éireann. Sé an cuspóir a ḃí leis seo, ná ċun spreagaḋ do ṫaḃairt do taisteal agus iompar, go h-áiṫrid fríd an Aerṗort, agus le spreagaḋ a ṫaḃairt fosta do tráċtáil ag an Aerṗort.

Ḃí an dlí ag réitiú fá ċoinne láiṁseáil earraí ar slí ar biṫ ó iomlán deantúsaíoċt, go dtí briseaḋ suas lastaí móra, i lastaí níos lú, agus bíoṫar ag súil go gcaḃróḋ sé le déantúsaíoċt, próiséisiú, coiméad agus tráċtáil. go ginearálta, ag Sionainn.

Aċ, cé go raiḃ deontaisí tionscail agus saoirse ó ċánaċa, ar praifidí onnṁuiriṫe, ar fáil fá ċoinne tionsclóirí ó ṫosnóiḋ ag Sionainn ar feaḋ roinnt blianta, ní ḋearnaḋ dul ċun cinn ar biṫ le forbairt na Sionainne, mar bunaḋ tionsclaċ, go dtí gur bunaíoḋ údarás fé leiṫ, i 1958-59 don ċuspóir speisialta, forbairt tionscail ag Sionainn, agus leis na cuṁaċtaí agus an airgeadas a ḃí ag teastáil, ċun eastáit tionsclaċ a ḃunú ansin, agus ċun pleanáil agus córas pleanála a forbairt, agus na pleananna sin a ċur i ḃfeiḋm. Ċoṁ maiṫ leis sin, le linn bunú na cuideaċtan seo, síneaḋ an tréiṁse fá ċoinne saoirse ó ċánaċa do tionsclóirí a ṫosnóḋ a gcuid oibre ag Sionainn.

Díreaċ taréis bunú na cuideaċtan seo, agus nuair a d'éiriġ an cuideaċtan éifeaċtúil, ṫosnaiġ siad ar an ġníoṁaċas a ċinntiú go gcomlíonfaí an cus-

(Ar lean. ar leaṫ. 4)

Go mairiḋ sé i ḃfad

Ḃeiḋ buaireaṁ ar gaċ duine a ċuaiġ frío Ealaín agus Oideaċas i gColáiste Iolscoile na Gaillime, go dtáinig an lá gur éiriġ an Dr. Eric Mac Ḟinn as oifig ansin.

Déanta na fírinne ċeapamar go ḃfanfaḋ an Doċtúir suairc, suáilceaċ, óg i gcónaí, mar ḃí sé i gcónaí nuair fuaireamar aiṫne air ar tús. agus is briseaḋ ceangail é, a ċloisint go mbeiḋ sé a' scaraḋ ó Coláiste Iolscoile na Gaillime, feasta. D'éiriġ sé as an ṁí seo caite, agus ní ḃeiḋ Daiṁ an Oideaċas ċoiċe arís mar ḃí, agus is mó duine atá scaipiṫe ar fuo na tíre anois, agus ag obair le cúrsaí oideaċais ins na bunscoltaċa, na meán-scoltaċa agus na gairm-scoltaċa. a fuair a gcéad léargas ar uaisleaċt ċéard an oide, agus a gcéad taiṫí ar an bárr ṡaṁaltas agus an dúṫraċt a ċuirtear i ngluaiseaċt na Gaeilge, ón Dr. Mac Ḟinn.

Tá súil againn, anois go ḃfuil breis am saor aige, go ḃfeicfear toraḋ saoṫar a ṗinn níos mó, agus níos minicí i nGaeilge, agus go ḃfágfaiḋ sé ina ḋiaiḋ i ḃfoirm leaḃar. cuiṁní a ṡaoil agus scéal a ḃeaṫa, mar tá mórán rudaí aige, a ḃeaḋ ina n-áḃar spreagṫa agus ina áḃar maċnaiṁ agus ina áḃar misniġ do ṗobal óg na hÉireann.

Guímíd saol fada gnóṫaċ, tairḃeaċ, dó.